

Cuireann Cuid A an doiciméid seo buneolas ar fáil maidir leis an Scéim Dheontais do Chlubanna Óige Áitiúla agus sonraí i dtaca le cé atá incháilithe iarratas a dhéanamh agus cad iad na catagóirí deontais atá ar fáil.



An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

Sonraíonn Cuid B an próiseas iarratais, na critéir maidir le hiarratais a mheasúnú agus na riachtanais chuntasaíochta agus tuairiscithe.

NÓTA:

Ós féidir athrú teacht ar an Scéim agus ar na foirmeacha iarratais srl. a ghabhann léi ó bhliain go bliain, tá sé tábhachtach go mbaintear úsáid as na doiciméid chearta a sholáthraítear ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige do na próis iarratais, mheasúnaithe agus tuairiscithe.

Tá sraith de Chaighdeán Cháilíochta Náisiúnta do Ghrúpaí Óige atá faoi Cheannas Oibrithe Deonacha curtha ar fáil ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige atá dírithe ar ghrúpaí óige agus clubanna – agus is tionscnamh é seo atá bainteach leis an gCreat um Chaighdeán Cháilíochta Náisiúnta (CCCN). Féach www.dcy.gov.ie le haghaidh sonraí, le do thoil. Tá seisiún eolais agus fhaisnéisithe á gcur ar fáil go háitiúil sa tslí gur féidir le grúpaí óige aithne a chur ar na Caighdeán agus ar an réasúnaíocht a bhaineann lena dtabhairt isteach.

Tosóidh grúpaí ar a bheith bainteach leis na Caighdeán i 2014 ag féachaint le go dtosóidh gach grúpa óige a mhaoinítear ag an RLGÓ faoin Scéim Dheontais do Chlubanna Óige Áitiúla agus iad siúd a mhaoinítear ag an Roinn trí Bhord Seirbhíse Óige Chathair Átha Cliath agus ag Coiste Óige Phort Láirge a bheas lánpháirteach sa phróiseas faoi Eanáir 2015. I dtús báire tá an bhéim ar an bpróiseas seachas ar bhaint amach na gCaighdeán láithreach bonn. Coinníoll de chuid an mhaoinithe ó 2015 ar aghaidh, áfach, go bhfuil grúpaí óige páirteach sa phróiseas.

Mar a bhfuil grúpa óige cleamhnaithe le heagraíocht náisiúnta óige, tacaíonn Oifigeach Réigiúnach Óige/Forbartha na heagraíochta sin le cur i bhfeidhm na gCaighdeán Cáilíochta Náisiúnta seo do Ghrúpaí Óige atá faoi Cheannas Oibrithe Deonacha ina ngrúpaí féin. Tacaíonn Oifigigh BOO Óige/Tadhaill le cur i bhfeidhm le grúpaí óige nach bhfuil cleamhnaithe le heagraíocht óige náisiúnta.

CUID A

1. Buneolas maidir leis an Scéim Dheontais do Chlubanna Óige Áitiúla do 2014

Tacaíonn an Scéim Dheontais do Clubanna Óige Áitiúla (LYCGS) le gníomhaíochtaí na gclubanna óige deonacha ag an leibhéal áitiúil. Tá an scéim, a chuireann cúnamh deontais ar fáil maidir le costais reáchtála na gclubanna, páirtmhaoinithe ag fáiltas an Chrannchuir Náisiúnta. Cuirtear maoiniú ar fáil don Scéim ag an Aonad Gnóthaí Óige (AGÓ), an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) agus riartar é go háitiúil ag Boird Oilúna Oideachais (a dtugtaí CGO orthu roimhe seo) ar son na Roinne. Fógraíonn na BOO an Scéim go háitiúil ar bhonn bliantúil, ag tabhairt breacchuntais ar chuspóir an deontais agus ar na critéir incháilíochta.

Tacaíonn an Scéim le gníomhaíochtaí clubanna óige deonacha do dhaoine óga; agus déantar tosaíocht de dhaoine óga idir 10 mbliana agus 21 bliana. Is é príomhfhócas na Scéime seo ná cabhrú le clubanna óige deonacha áitiúla a thairscíonn obair don aos óg mar fhreagairt ar riachtanais na ndaoine óga. Ina theannta sin, tá clubanna/grúpaí eile a bhíonn ag obair le daoine óga nach ndéanann obair óige go sonrath, tá siad incháilithe iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoin Scéim seo freisin.

Cineálacha Deontais:

Chun críocha na Scéime seo, agus mar aitheantas ar an réimse ilghnéitheach clubanna/grúpaí deonacha óga ar ann dóibh, cuireann LYCGS 2014 cúnamh deontais ar fáil dóibh seo a leanas:

- a) clubanna um obair don aos óg agus;
- b) clubanna um ghníomhaíochtaí don aos óg.

Is é an deontas uasta a thabharfar do chlub ar bith, beag beann ar an gcatagóir faoina bhfuil an t-iarratas á dhéanamh, ná €3,000.

Ba chóir d'iarratasóirí breithniú a dhéanamh ar na critéir maidir le hincháilitheacht a leagtar amach thíos agus iarratas a dhéanamh faoin gcatagóir sin is fearr a chuireann síos ar an ngrúpa. **Ní féidir le hiarratasóirí iarratas a dhéanamh ach faoi aon chatagóir amháin.** Má tá ceist ar bith agat maidir leis na critéir incháilitheachta a leagtar amach thíos, déan teagmháil le hOifigeach Óige do BOO áitiúil le comhairle a fháil.



Pointí le tabhairt faoi deara:

- Ós rud é go bhfuil an Scéim seo ceaptha chun tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí nach bhfuil cistiú tionscadal-bhunaithe á fháil acu (m.sh. iad siúd atá ag fáil cistithe faoin Tionscadal Speisialta don Óige, faoin gCiste Áiseanna agus Seirbhísí do Dhaoine Óga srl), níl tionscadail atá faoi threoir ag foireann íochta i dteideal iarratas a dhéanamh faoin Scéim seo. Tá clubanna óige deonacha atá cleamhnaithe le seirbhísí óige atá faoi threoir ag foireann íochta incháilithe iarratas a dhéanamh áfach.
- Ní ghlacfar le hiarratais ó na struchtúir áitiúla agus réigiúnacha den eagraíocht chéanna. I gcás eagraíochtaí a bhfuil comhairlí/coistí réigiúnacha agus aonaid/grúpaí áitiúla i gceist leo, is é dualgas na heagraíochta iarratas a chur faoi bhráid an BOO ar bhonn aonair mar aonaid áitiúla nó trí struchtúr na comhairle réigiúnaí.
- D'fhéadfaí Clubanna áitiúla na gCluichí Pobail a chuireann gníomhaíochtaí neamhspoirt ar fáil don aos óg a ligean isteach faoin LYCGS ar an gcoinníoll go bhfuil an tOifigeach Óige sásta nach bhfuil cistiú chun na críche céanna ar fáil/faighte áit éigin eile. Ba chóir d'Oifigigh Óige dul i gcomhairle leis an gCoiste/gComhpháirtíocht Spóirt ábhartha maidir leis an gceist seo.
- Níl clubanna a bhfuil spórt mar phríomhfhócas acu incháilithe le haghaidh cistithe faoin Scéim seo. Déantar clubanna dá leithéid a threorú chuig tacaíochtaí cistithe eile, m.sh. príomheagraíochtaí spóirt, An Chomhairle Spóirt, Comhpháirtíochtaí Spóirt áitiúla srl.
- Cloífead go beacht leis an spriocdháta do Scéim 2014, .i. **28 Bealtaine 2014**. Ní ghlacfaidh BOO le hiarratais déanacha in imthosca ar bith.

2. Critéir Incháilitheachta

D'fhonn freastal ar riachtanais na gclubanna óige deonacha áitiúla a oibríonn le daoine óga, tá an Scéim dírithe ar dhá chatagóir grúpaí, .i. clubanna um obair don aos óg agus clubanna um ghníomhaíocht don aos óg.

Tá sé de dhualgas ar an iarratasóir, i dtús báire, breithniú a dhéanamh ar an gcatagóir is oiriúnaí maidir le hiarratas a dhéanamh. Má dhéanann an t-iarratasóir iarratas a chur isteach faoi chatagóir nach léiríonn a gcuid gníomhaíochtaí i gceart, dar le hOifigeach Óige an BOO, déanfaidh Oifigeach Óige an BOO an t-iarratas a athshannadh don chatagóir chuí.

Beidh clubanna a chomhlíonann na critéir a leagtar amach thíos incháilithe chun iarratas a chur isteach ar chúnamh deontais faoi cheann amháin de na deontais seo a leanas: an Deontas Club um Obair don Aos Óg nó an Deontas Club um Ghníomhaíocht don Aos Óg. Sa chás nach gceapann Oifigeach Óige an BOO go bhfuil an t-iarratas incháilithe de réir théarmaí na Scéime, cuirfead an cinneadh seo in iúl don ghrúpa.

(i) Deontas Club um Obair don Aos Óg

Tá an cúnamh deontais seo do chlubanna a thairiscíonn freagra sonracha oibre óige. Sainmhínítear Obair don Aos Óg san Acht um Obair don Aos Óg 2001 mar seo a leanas:

“Clár pleanáilte oideachais a dearadh don chuspóir de bheith ag cabhrú agus ag feabhsú fhorbairt phearsanta agus shóisialta na ndaoine óga trína rannpháirtíocht dheonach, agus atá comhlántach dá n-oideachas agus oiliúint fhoirmeálta, acadúil nó dá ngairmoideachas agus dá ngairmoiliúint agus a sholáthraítear go príomha ag eagraíochtaí deonacha oibre óige.” (An tAcht um Obair don Aos Óg, 2001)

Is é atá i gceist leis an deontas seo ná cúnamh a thabhairt maidir le riachtanais fhorbartha na gclubanna agus is féidir úsáid a bhaint as chun tacaíocht a thabhairt do chlubanna maidir lena gcostais riaracháin, clár agus seirbhísí. Is é €3,000 an deontas uasta atá ar fáil do chlub ar bith.

D'fhonn a bheith incháilithe chun iarratas a chur isteach ar an **Deontas Club um Obair don Aos Óg**, ba chóir go mbeadh do chlub in ann na critéir seo a leanas ar fad a chomhlíonadh:

- ✓ **Caithfidh grúpaí/clubanna a bheith ina gclub um obair don aos óg .i.:**
 - Tá obair don aos óg mar phríomhfhócas an ghrúpa/ an chlub um obair don aos óg, de réir mar a shainmhínítear san *Acht um Obair don Aos Óg 2001*.
 - Ní mór go gcomhfhreagraíonn aidhmeanna, gníomhaíochtaí agus modheolaíochtaí an ghrúpa d'obair don aos óg
 - Ní mór don ghrúpa um obair don aos óg raon clár oideachais neamhfhoirmeálta a chur ar fáil ar bhonn rialta.
- ✓ **Caithfidh grúpaí/clubanna a bheith faoi cheannas oibríthe deonacha agus bunaithe ar rannpháirtíocht dheonach dhaoine óga.**
- ✓ **Caithfidh 75% de bhail an ghrúpa / an chlub a bheith faoi aois 21.**
- ✓ **Caithfidh grúpaí/clubanna a bheith in ann na tairbhí atá ann do dhaoine óga a ghlacann páirt sa chlub/sa ghníomhaíocht a leagan amach go soiléir.**

(ii) Deontas Club um Gníomhaíocht don Aos Óg

Tá an cúnamh deontais seo do chlubanna a chuireann gníomhaíochtaí don aos óg ar fáil do dhaoine óga. Is é atá i gceist leis an Deontas seo ná cúnamh a thabhairt maidir le riachtanais fhorbartha na gclubanna agus is féidir úsáid a bhaint as chun tacaíocht a thabhairt do chlubanna maidir lena gcostais riaracháin, clár agus seirbhísí. Is é €3,000 an deontas uasta atá ar fáil do ghrúpa/chlub ar bith.

Chun críocha na Scéime seo is é is brí leis an téarma 'gníomhaíocht don aos óg' ná:

“Grúpa um gníomhaíocht don aos óg a chuireann gníomhaíochtaí ar fáil do dhaoine óga a bhaineann le caitheamh aimsire den chuid is mó. Is é is gníomhaíochtaí caitheamh aimsire ann ná gníomhaíochtaí a bhfuil soláthar gníomhaíochtaí fóillíochta nach mbaineann go sonrach le gníomhaíochtaí um obair don aos óg ná le gníomhaíochtaí spóirt mar phríomhfhócas acu.”

D'fhonn a bheith incháilithe chun iarratas a chur isteach ar an **Deontas Club um Gníomhaíocht don Aos Óg**, ba chóir go mbeadh do chlub in ann na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

✓ **Caithfidh grúpaí/clubanna a bheith ina gclub um gníomhaíochtaí don aos óg**

.i.:

- Is é a chuireann an grúpa um gníomhaíochtaí don aos óg ar fáil den chuid is mó ná gníomhaíochtaí caitheamh aimsire do dhaoine óga, ach fós féin cuireann sé na prionsabail um obair don aos óg san áireamh.
- Baineann aidhmeanna, gníomhaíochtaí agus modheolaíochtaí an ghrúpa le caitheamh aimsire agus le cúrsaí nach mbaineann go sonrach le hobair don aos óg
- Ní mór don ghrúpa um gníomhaíocht don aos óg raon clár caitheamh aimsire a chur ar fáil ar bhonn rialta.

✓ **Caithfidh grúpaí/clubanna a bheith faoi cheannas oibríthe deonacha agus bunaithe ar rannpháirtíocht dheonach daoine óga.**

✓ **Caithfidh 75% de bhaill an ghrúpa/an chlub a bheith faoi aois 21.**

✓ **Caithfidh grúpaí/clubanna a bheith in ann na tairbhí atá ann do dhaoine óga a ghlacann páirt sa chlub/ sa chlár/ sa gníomhaíocht a leagan amach go soiléir.**

CUID B

1. Conas iarratas a dhéanamh ar chúnamh deontais

Ós rud é gurb iad na BOO gníomhaireachtaí riaracháin na Scéime seo, ba chóir iarratais a chur go díreach chuig Oifigeach Óige an BOO áitiúil. Caithfear gach iarratas a dhéanamh ar an bhFoirm Iarratais oifigiúil (LYCGS1) agus ní mór an fhaisnéis ábhartha go léir atá riachtanach a bheith san áireamh. Ní ghlacfar le foirmeacha nach bhfuil comhlánaithe go hiomlán. Caithfear Cuntais Ioncaim & Caiteachais don bhliain airgeadais 2013 (ag úsáid an teimpléid a chuirtear ar fáil, nó teimpléad an chlub/an ghrúpa féin má sholáthraíonn sin an fhaisnéis riachtanach ar fad) a chur faoinár mbráid freisin.

D'fhéadfadh an BOO faisnéis bhreise a iarraidh roimh aon chinneadh maidir le leithdháileadh an chúnamh dheontais. Caithfear gach iarratas a chomhlánú agus a chur faoinár mbráid faoi spriocdháta na BOO maidir le hiarratais a fháil, .i. 28 Bealtaine 2014. Ní bhreithneofar iarratais a gheofar i ndiaidh an spriocdháta in imthosca ar bith.

Ba chóir do ghrúpaí/chlubanna a bhfuil iarratas á chur isteach acu ar chúnamh deontais an méid seo a leanas a sholáthar:

- a) Bunreacht an chlub/an ghrúpa (mura bhfuil sé i seilbh an BOO cheana)
- b) Dhá luachan ar oiliúint, ar thógáil nó ar chothabháil ar bith a bhfuil iarratas a dhéanamh ina leith
- c) Slánú árachais (más cuí)
- d) Dearbhú go bhfuil na tógálaithe cláraithe, agus go bhfuil teastas C2 acu (más cuí).

2. Measúnú ar Iarratais

Déanfaidh Oifigeach Óige BOO na hiarratais a bhreithniú de réir na faisnéise a chuirtear ar fáil san fhoirm iarratais agus ag féachaint do líon na n-iarratas a fuarthas agus na hacmhainní atá ar fáil don BOO maidir leis an Scéim.

Má dhéantar na critéir a chomhlíonadh maidir le hincháilitheacht chun iarratas a dhéanamh ar cheachtar den Deontas Club um Obair don Aos Óg nó den Deontas Club um Ghníomhaíocht don Aos Óg de réir mar a shonraítear in A agus B thuas, déanfaidh Oifigeach Óige an BOO na hiarratais a mheasúnú ag féachaint do riachtanais agus d'imthosca agus d'easnamh, más ann dóibh, maidir le soláthar laistigh de limistéar an BOO. Ina dhiaidh seo, déanfaidh Oifigeach Óige an BOO méid an chúnamh dheontais a shocrú.

3. Faomhadh agus Íoc an Deontais

Cuirfidh BOO toradh a n-iarratas ar chúnamh deontais in iúl do na grúpaí/do na clubanna. Is deontas aonuaire é an cúnamh deontais a chuirtear ar fáil faoin Scéim seo. Déantar an deontas a íoc de ghnáth trí Ríomhaistriú Airgid (EFT) chuig cuntas bainc an ghrúpa nó an chlub.

4. Monatóireacht agus Tuairisciú

Ní mór do chlubanna a bhfuil cúnamh deontais á fháil acu nós imeachta cuntasáíochta cuí a shocrú i leith an airgid uile a fhaigheann siad agus na riachtanais tuairiscithe a leagann an BOO agus an tAonad Gnóthaí Óige amach a chomhlíonadh maidir leis sin.

Ní mór do chlubanna **Tuarascáil an Chlub** a chur faoi bhráid Oifigeach Óige BOO ag leagan amach cén chaoi ar caitheadh an cúnamh deontais. Déanfaidh Oifigigh Óige BOO **foirm na Tuarascála Club** seo a eisiúint do chlubanna/ghrúpaí mar aon le fógra maidir le dámhachtain an chúnamh dheontais. Ní mór do chlubanna **Foirm Ioncaim & Caiteachais** a chomhlánú agus a chur isteach agus í sínithe ag beirt oifigeach ón gclub, a mbeidh duine amháin acu ina c(h)isteoir; tá teimpléad chun na críche seo san áireamh le hagusín na Foirme Iarratais. Má theipeann ar an gclub an doiciméad seo a chur isteach d'fhéadfadh sé a bheith neamh-incháilithe le haghaidh maoinithe amach anseo.

D'fhéadfadh Oifigigh Óige BOO cuairt a thabhairt ar an gclub.

Má theipeann ar an tionscadal léiriú a dhéanamh maidir le húsáid an deontais, nó mura léirítear dul chun cinn sásúil, d'fhéadfaí an deontas ar fad nó cuid de a tharraingt siar.

Bíonn iarratasóirí freagrach as a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis ar fad a chuirtear faoi bhráid an BOO cruinn agus curtha isteach in am cuí.

5. Poiblíocht

Tá leithdháileadh maoinithe faoin Scéim Dheontais do Chlubanna Óige Áitiúla indéanta mar gheall ar infhaighteacht mhaoinithe ón gCrannchur Náisiúnta don Aonad Gnóthaí Óige agus don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Dá réir sin ní mór do ghrúpaí/chlubanna a fhaigheann deontas i gcabhair faoin Scéim seo aitheantas a thabhairt go poiblí agus go feiceálach don Chrannchur Náisiúnta, agus don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) mar fhoinse mhaoinithe ina gcuid páipéarachais, foilseachán agus ábhar fógraíochta.

Bíonn lógó RLGÓ ar fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas:

www.dyca.gov.ie

6. Saoráil Faisnéise

Beidh gach faisnéis a chuirtear faoi bhráid an Aonaid Ghnóthaí Óige faoi réir ag riachtanais um Shaoráil Faisnéise. D'fhéadfadh faisnéis a chuirtear faoi bhráid BOO a bheith faoi réir ag reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise freisin.

6. Tuilleadh Faisnéise

Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir leis an Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla déan teagmháil le **hOifigeach Óige BOO** nó leis an Aonad Gnóthaí Óige sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige:

Scéim Dheontais do Chlubanna Óige Áitiúla

An tAonad Gnóthaí Óige

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

Bóthar Mespil

Baile Átha Cliath 4

Teil. (01) 647 3033